# *Réamhrá*

Creidim gurb é seo an chéad leabhar riamh dár cuireadh i gcló i dtaobh Chorca Dorcha. Is mithid é, dar liom, agus is tráthúil. Is mór an gar don teanga agus dá lucht foghlama go mbeadh tuairisc na muintire a mhaireann sa Ghaeltacht iargúlta sin ina ndiaidh agus go mbeadh cuntas beag le fáil i mball éigin ar an nGaeilge mhín saoithiúil a chleacht siad ann.

Tá an scríbhinn seo go díreach mar a fuair mé í ó láimh an údair ach amháin go bhfuil an mhórchuid fágtha ar lár de dheasca a raibh inti de thráchtas ar nithe nach bhfuil oiriúnach. Beidh a dheich n-oiread eile le fáil go réidh, mar sin féin, más amhlaidh go mbíonn aon ghlaoch ag an bpobal ar an leabhrán seo.

Tuigtear go soiléir gur i leith Chorca Dorcha amháin aon ní atá luaite ann agus ná tuigtear go bhfuiltear ag trácht go foirleathan ar na Gaeltachtaí go mór; áit faoi leith ann féin is ea Corca Dhorcha agus daoine gan a gcómhacasamhail a mhaireann ann.

Cúis mheanman go bhfuil an t-údar, Bónapárt Ó Cúnasa, ina bheatha go dtí an lá seo, slán sa charcair agus saor ó ainnise an tsaoil.

AN FEAR EAGAIR

Lá an Ghátair, 1941.

# *Réamhrá Don Treas Eagar*

Mo bhrón a rá, ach ní moladh ná móradh atá tuillte ag an Aos Gaelach — an oiread sin díobh ar daoine uaisle le hairgead nó boic mhóra iad (dar leo féin) — gur ligeadar fáthscéal mar *An Béal Bocht* as cló le blianta, gan caoi ag súil sóisir ná seanóra teacht uirthi; ná fós faill chun eagna, críonnacht agus misneach a bhleán as imeachtaí na muintire éagsúla úd a mhaireann thiar i gCorca Dhorcha — pór na dtréan agus scoth na mbochtán.

Táid beo ann go dtí an lá seo, ach ní dul i líonmhaireacht dóibh, agus ní forbairt ach meath meirge atá ag teacht ar an gcanúint bhinn Ghaeilge is minice ina mbéal ná an greim bídh. Fairis sin, tá an imirce ag maolú na gceantar iar-iargúlta, na daoine óga ag tabhairt aghaidh ar an tSíbíria ag súil le malairt aimsire agus fuascailt ón bhfuacht agus ón doineann is dúchas dóibh.

Molaim go mbeadh an leabhar seo i ngach áitreabh agus áras ina mbíonn grá do sheanchas ár dtíre, ós anois (mar a deir Staindis Mac an Aodha Ó Gráda) "as dul don ló i ndéidhenaighe agus an teanga bhinn mhátharda beag nach tráighte".

AN FEAR EAGAIR

Lá an Luain, 1964

CAIBIDIL 1: *Cúis mo scéil - beirtear mé - mo mháthair agus an Seanduine Liath - an tigh s'againne - an gleann inar tógadh mé - cruatan fadó ag Gaelaibh.*

Tá na nithe atá luaite agam sa scríbhinn seo á gcur agam ann de bhrí go bhfuil an saol eile ag druidim liom go sciobtha — i bhfad uainn go léir an drochrud agus nár aithní an t-ainspiorad mar bhráthair mé — agus fós 'mar ná beidh ár leithéidí arís ann.' Is cóir cuí go gcuirfí ar fáil don mhuintir a leanann sinn faisnéis éigin ar na *dibheairseans** agus na *haidbhintiurs*** a bhí ann lenár linn mar nach mbeidh ár samplaí arís ann go brách agus mar nach mbeidh aon saol eile ann in Éirinn choíche inchurtha leis an saol úd againne nach bhfuil anois ann.

Ó Cúnasa mo shloinne Gaelach, Bónapárt m'ainm, agus is í Éire féin an tírín is dúchas dom. Ní cuimhneach liom go fírinneach an lá a rugadh mé ná aon chuid den chéad leathbhliain a chaitheas abhus ar an saol seo, ach gan amhras bhíos i mo bheatha go cinnte san aimsir sin, cé nach bhfuil aon chuimhne agam uirthi, óir ní bheinn anois ann ach go rabhas an uair sin ann, agus is de réir a chéile a thig ciall don duine ach a oiread le gach créatúr eile.

An oíche roimh an chéad lá breithe dom is amhlaidh a bhí m'athairse agus Máirtín Ó Bánasa ina suí ar

*scléip
**eachtraí



mhullach chró na gcearc ag breathnú na spéire dóibh, ag faire ar an uain, agus fós ag caint le chéile go macánta cneasta ar dheacrachtaí an tsaoil.

"Muise, a Mháirtín," a dúirt m'athair, "tá an ghaoth aduaidh agus tá cruth doicheallach ar na Beanna Bána; beidh fearthainn ann roimh mhaidin agus beidh oíche shalach dhoineanta againn a chuirfeas creathadh orainn más sa leaba féin dúinn. Agus féach gurb olc an tuar é go bhfuil na lachain i measc na neantóg. Tiocfaidh uafás agus mí-ádh ar an saol anocht agus an Cat Mara ar a bhonnaí le linn an dorchadais, agus más fíor dom ní bheidh aon dea-chinniúint romhainn araon go deo."

"Muise, a Mhicheálangaló," arsa Máirtín Ó Bánasa, "ní beag le rá an oiread sin ráite agat, agus más fíor duit ní bréag atá inste agat ach an fhírinne féin."

I lár na hoíche sin is ea a rugadh mise i dtóin an tí. Ní raibh aon choinne ag m'athair liom óir duine cneasta a bhí ann, agus ní go róchruinn a thuig sé cúrsaí an tsaoil. Chuir mo chloigeann beag maol a oiread iontais air gur beag nár fhág seisean an saol ar an bponc céanna ar bhuail mise isteach ann, agus más ea, ba thubaisteach íospairteach dó nár fhág mar nach raibh aige go deo tar éis na hoíche sin ach an t-anró i gcónaí, é á mhilleadh agus á shracadh ag an saol agus gan aon tsláinte aon lá dá bheo aige ach go háirithe. Dúirt na daoine freisin nach raibh aon choinne ag mo mháthair liom, agus ina theannta sin is fírinneach go raibh sé ráite os íseal nach le mo mháthair a rugadh mé ach le bean éigin eile. Ach ní raibh sa mhéid sin ach caint na gcomharsan, agus níl aon teacht suas uirthi anois mar chaint de bhrí go bhfuil na comharsana go léir caillte ón saol, agus 'mar ná beidh ár leithéidí arís ann.' Níor leagas súil ar m'athair go raibh mé mór fásta, ach is scéal eile

an scéal sin agus lá eile dom á insint sa scríbhinn seo thíos.

Is in iarthar na hÉireann a rugadh mé an oíche uafásach geimhridh sin — slán sábháilte go raibh sinn uilig — sa dúiche ar a dtugtar Corca Dhorcha agus ar an mbaile tíre ar a dtugtar Lios na bPráiscín. Bhíos an-óg nuair a rugadh mé, gan aon aois (fiú amháin lá féin) slán agam; go ceann leathbhliana níor shonraíos ní ar bith mórthimpeall orm agus níor aithníos na daoine thar a chéile. Ach tig an chiall agus an tuiscint go réidh socair formhothaithe in intinn an uile chréatúir, agus tar éis an bhliain sin a chur díom ar chlár mo dhroma is amhlaidh a bhí mo shúile ag broidearnaigh thall is abhus ar fud mo mhórthimpeallachta. D'airíos mo mháthair romham sa tigh, bean leathan lách mhór-chnámhach, bean thostach chrosta ardbhrollaigh. Is annamh a labhair sí liom agus is minic a bhuail sí go géar mé toisc mé a bheith ag béicfigh i dtóin an tí, ach ba bheag leigheas é an bualadh ar an gclampar, mar gur mhó i bhfad an dara clampar ná an chéad cheann agus má fuair mé athbhualadh ar mhullach an chinn eile ba mhó ná ceachtar acu an treas clampar agam. Ach bhí mo mháthair céillí stuamach dea-bhiata agus is cinnte nach mbeidh a samhailt arís ann. Chaith sí a saol ag glanadh amach an tí, ag scuabadh aoileach eallaigh agus muc ó bhéal dorais, ag maistreadh agus ag bleán bó, ag fíodóireacht, ag cardáil olla agus ag casadh an tuirne, ag guí, ag eascainí, agus ag cur síos tinte móra le lán an tí de phrátaí a bhruith in aghaidh lae an ghorta.

Bhí duine eile romham sa tigh, seanduine cam cromtha a bhí ar mhaide, dhá thrian dá ghnúis agus lán a bhrollaigh gan aon radharc orthu mar go raibh féasóg fhiáin olannliath sa bhealach ann; an pháirt bheag dá aghaidh a bhí slán ón bhfionnadh sin, bhí sí donn righin



rocach ar chuma leathair agus bhí dhá shúil ghéara chneasta inti a bhreathnaigh amach le faobhar snáth-aide ar an saol. Bhíodh sé ina chónaí sa tigh againn agus ba mhinic nach raibh sé féin agus mo mháthair ar aon intinn, agus *by dad* ba dhochreidte an oiread prátaí a d'itheadh sé, an oiread cainte a bheireadh sé uaidh, agus a laghad oibre a dhéanadh sé faoin tigh. I m'óige dom i dtosach cheapas gurbh é m'athair é. Is cuimh-in liom oíche i mo shuí ina chuideachta, an dís againn ag faire go suaimhneach ar mhorc dhearg na tine, corcán chomh mór le bairille de phrátaí á bheiriú uirthi ag mo mháthair le haghaidh na muc; ise féin go ciúin thiar i dtóin an tí. Is amhlaidh a bhí teas na tine do mo róstadh ach ní raibh aon tsiúl agam san am agus gan slí agam éalú ón teas as mo stuaimín féinig. Chaoch an Seanduine súil orm, agus dúirt:

"Tá sé te, a mhic."

"Tá róbhrothall sa tine sin go fírinneach," arsa mise á fhreagairt, "ach féach gur thug tú mac orm den chéad uair duit, a dhuine uasail. Ní miste a rá gur tusa m'athair agus go bhfuil mise agat mar dhuine clainne, slán mar a n-instear é agus i bhfad uainn an drochrud."

"Ní fíor duit, a Bhónapáirt," ar seisean, "ach mise mar athair mór agat. Tá d'athair i bhfad ó bhaile san am seo, ach is é ainm agus sloinne dó san áit ina bhfuil sé Micheálangaló Ó Cúnasa."

"Agus cá bhfuil sé?"

"Tá sé sa chrúiscín," arsa an Seanduine.

Ní rabhas ach i dtráthaibh an deichiú míosa beatha agus ní dúirt mé aon ní an uair sin, ach dhearcas sa chrúiscín nuair a fuaireas faill chuige; ní raibh ann ach bainne géar, agus bhí sé tamall maith sular thuigeas caint an tSeanduine Léith; ach scéal eile an scéal sin agus lá eile dom á insint sa scríbhinn seo thíos.

Bhí lá ann le linn m'óige atá soiléir so-inste sa chuimhne agam. Bhíos i mo shuí ar leic an urláir gan aon tsiúl ná seasamh fós agam, mé ag faire ar mo mháthair agus í ag scuabadh amach an tí agus ag deasú an teallaigh go néata leis an tlú. Tháinig an Seanduine isteach ón ngort agus sheas sé á breithniú go raibh deireadh oibre déanta aici.

"A bhean," ar seisean, "féach gurb urchóideach míthráthúil an sclábhaíocht sin agat á dhéanamh agus bí cinnte nach tairbhe ná dea-theagasc a thig uaithi don té atá anois ar a thóin ar an urlár sa tigh againn."

"Is binn liom aon fhocal agus beagnach aon fhuaim uait," a d'fhreagair mo mháthair go searbh, "ach is fíor nach dtuigim do chuid cainte."

"Tá," arsa an Seanduine, "nuair a bhí mise ag éirí aníos i mo ghlas-stócach, bhíos (mar is léir d'aoinne a léas na dea-leabhair Ghaeilge) i mo thachrán ag imeacht faoin ngríosaigh. Tá gríosach an tí seo go léir anois curtha siar sa tine agat nó scuabtha amach faoin tsráid agus níl aon ruainne di ag an tachrán bocht ar an urlár" — dhírigh sé méar orm — "lena bheith ag imeacht fúithi, agus is neamhrialta mínádúrtha an oiliúint agus an tabhairt suas a bheas air gan aon taithí aige ar an ngríosaigh. Is dá bhrí sin a bhean gur chaillte an mhaise agat gan an teallach a fhágáil lán gríosaí agus salachair go díreach mar a d'fhág an tine é."

"Muise," arsa mo mháthair, "is fíor duit, gidh gurb annamh aon chiall á plé agat, agus cuirfeadsa thar n-ais go fonnmhar a bhfuil scuabtha agam ó leic an teallaigh."

Agus chuir. Thug sí lán buicéad lábáin, draoibe, luatha agus titimíní circe isteach arís ó fhód an bhealaigh mhóir gur leath go sásta é ar chlár an teallaigh romham. Nuair a bhí gach ní socair aici bhogas anonn



le hais na tine agus go cionn cúig uaire bhí mé i mo thachrán ag imeacht faoin ngríosaigh — i mo ghlas-stócach, sa mhéan oíche tógadh agus cuireadh isteach sa leaba mé, ach is amhlaidh a lean morgbholadh an teallaigh sin mé go cionn seachtaine; ba leamh lofa an boladh é agus ní dóigh liom go mbeidh a leithéid arís ann.

Teach beag aolbhán neamhfholláin gur mhaireamar ann, é suite in ascaill an ghleanna ar do láimh dheis agus tú ag tabhairt an bhóthair soir. Gan amhras, níorbh é m'athair ná aoinne eile gaolta leis a thóg an teach agus a chuir ansin é, agus ní fios feasta cé acu Dia, diabhal nó duine a chuir suas na ballaí garbha leathlofa lábáin i dtosach; ach má bhí céad ascaill sa ghleann go hiomlán bhí bothán beag aolgheal crochta i ngach ceann acu, agus ní fios cé a chuir suas aon cheann díobh ach a oiread. Bhí sé riamh de shíorchinniúint ag na fíor-Ghaeil a bheith ina gcónaí (más inchreidte na leabhair) i dtigh aolbhán in ascaill an ghleanna agus tú ag tabhairt an bhóthair soir, agus ní foláir nó gurb in é an *t-axplinashin** nach raibh aon dea-áitreabh agamsa nuair a shroich mé an saol seo, ach a mhalairt go fírinneach. Agus chomh maith le bochtanas an tí féin, bhí sé greamaithe ar leib charraige ar ghualainn chontúirteach an ghleanna (cé go raibh suíomh tí breá le fáil in íochtar an ghleanna) agus dá mbualfeá amach an doras gan aon mhór-aire ar ghreim do choise agat bheifeá gan aon rómhoill i bpriacal do mharfa ó chorchtacht na tíre.

Bhí ár dteachna gan aon roinnt air, soipíní luachra mar dhíon in airde os ár gcionn, agus luachair freisin mar leapacha againn i dtóin an tí. Le cailleadh na gréine

*cúis, bun an scéil

leathfaí na leapacha luachra ar fud an urláir go hiomlán agus théadh an líon tí faoi shuaimhneas orthu. Leaba thall, muc inti. Leaba abhus, daoine inti. Leaba mhór eile, bó aosta sheang inti, í sínte ina codladh ar a cliathán clé agus síob anála ag teacht uaithi a thógfadh doineann i lár an tí, cearca agus piscíní cait faoi shuan i scáth a boilg. Leaba eile le hais na tine, mise inti.

Sea, bhí dóigh bhocht ar na daoine le linn m'óigese, agus aoinne a raibh mórán eallaigh agus stoic aige, ní raibh aon tslí san oíche ina thigh féin aige. Mo léan, is amhlaidh a bhí i gcónaí. Is minic a chuala mé an Seanduine Liath ag cur síos ar chruatan agus ainnise an tsaoil a bhí ann fadó.

"Bhí lá ann," a deireadh sé, "nuair a bhí dhá bhó agam, capall trom agus capall rása, caoirigh, muca agus míonbhéisteanna eile*. Bhí an teach caol, agus ar m'anam gur chúng achrannach an réiteach a bhí orainn go léir nuair a tháinig oíche. Chodail mo mháthair mhór leis na ba agus chodlaíos féin i m'aonar leis an gcapall; Charlie ba ainm dó agus bhí sé ciúin cneasta. Go mion minic d'éiríodh iomrascáil i measc na gcaorach agus is annamh a fuaireamar aon néal codlata ón meigeallaigh agus ón mbéicfigh a bhíodh ar siúl acu. Gortaíodh agus goineadh mo mháthair mhór oíche amháin ach ní fheadar cé acu na caoirigh nó na ba a bhí ciontach nó an í mo mháthair mhór a chuir tús ar an mbruíon. Ach oíche eile bhuail duine uasal isteach, cigire scoile a chuaigh amú i gceo an phortaigh agus a thit anuas thar bhéal an ghleanna. Ar lorg fóirithinte agus lóistín oíche a bhí sé, b'fhéidir, ach nuair a chonaic sé a raibh le feiscint le marbhsholas na tine, lig sé

*beithígh. Cf "bastes" an Bhéarla



fuamán breá iontais as agus sheas sé ag stánadh uaidh ar leic an dorais. Ansin labhair sé:

"Nach náireach an mhaise agaibh," a deir sé, "a bheith sínte ansin i gcomhluadar na n-ainmhithe allta, sibh go léir i bhfostú ar a chéile ar aon leaba? Nach náireach caillte neamhionraice an t-ordú oraibh go léir an oíche seo!"

"Tá an fhírinne á rá agat," arsa mise leis an duine uasal á fhreagairt, "ach féach nach bhfuil neart againn ar an scéal cam atá luaite agat. Tá an aimsir searbh agus ní miste gach neach againn a bheith slán ón tsín — pé atá faoi, dhá chois nó ceithre cinn."

"Muise," arsa an duine uasal, "nach furasta agat cró beag a chur suas ar thaobh na buaile agus é scortha achar maith amach ón tigh seo?"

"Is furasta go deimhin," arsa mise. Chuir a ndúirt sé ionadh an domhain orm mar nár smaoiníos riamh ar a leithéid, ná ar aon chleas eile a bheadh fóirstineach mar leigheas ar an drochréiteach a bhí orainn agus sinn go léir plúchta ag a chéile i dtóin an tí. Lá arna mhárach chruinníos na comharsana agus mhíníos dóibh go beacht comhairle an duine uasail. Mholadar an chomhairle sin agus ní raibh seachtain ann go raibh cró breá curtha suas againn ar ghaobhar mo thíse. Ach faraor, ní mar a shíltear a bhítear. Nuair a bhí mé féin, mo mháthair mhór agus beirt dearthár liom dhá oíche sa chró, bhíomar chomh fuar fliuch báite sin gurb iontach nár cailleadh ar fad sinn agus ní raibh aon fhóirithint le déanamh orainn go raibh an teach bainte amach arís againn agus sinn athuair go seascair i measc an eallaigh. Mar sin dúinn ó shin, ach a oiread le gach sampla bocht Gaelach sa taobh seo tíre."

Is iomaí tráchtas mar sin a dhéanadh an Seanduine Liath ar an tseanaimsir agus is uaidhsean a fuaireas a

lán den chéill is den eagna atá anois agam. Ach dála an tí inar rugadh mé i dtús mo shaoil, bhí radharc álainn uaidh. Dhá fhuinneoig bheaga a bhí sa tigh, an doras eatarthu. Ag féachaint duit amach fuinneog na láimhe deise, b'iúd thíos uait dúiche mhaolocrach na Rosann agus Gaoth Dobhair, Cnoc Fola thall agus Oileán Thoraigh amuigh ag snámh mar long mhór i bhfad i gcéin go taibhseach sa bhall a thig an spéir le farraige. Ag féachaint amach an doras duit, chífeá iarthar Chontae na Gaillimhe, slios maith de charraigeacha Chonamara, agus amuigh uait san fharraige Árainn Mhór, tithe beaga geala Chill Rónáin soiléir sofheicthe dá mbeadh an radharc go géar agat agus lá samhraidh ann. Ón fhuinneoig chlí chífeá an Blascaod Mór go lom doicheallach mar bheadh eascú uafásach neamh-shaolta ann, ina luí go tláith ar bharr na dtonn. An Daingean abhus, na tithe ann cruinnithe go dlúth le chéile. Bhí sé riamh ráite nach bhfuil aon radharc inchurtha leis an radharc seo ann ó aon tigh eile in Éirinn agus ní miste ná gur fíor an abairt í. Ní chuala go raibh aon teach eile ann chomh dea-shuite in aon áit eile ar dhroim an domhain. B'aoibhinn, dá bhrí sin, an teach úd agus ní dóigh liom go mbeidh a leithéid arís ann. Is ann, pé scéal é, a rugadh mé agus is fíor nach bhfuil an méid sin le rá, pé moladh cáineadh é, i leith aon tí eile.